Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)**

**14265/23
ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0358(NLE)**

**AELE 31
EEE 27
N 81
ISL 41
FL 22
MI 865
ENER 550
ENV 1132**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 585 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh: creat modheolaíochta comparáideach) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 585 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 585 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2023
COM(2023) 585 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh: creat modheolaíochta comparáideach)**

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimhir […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh trí chreat modheolaíochta comparáideach a bhunú chun na leibhéil is fearr is féidir ó thaobh costais de a ríomh maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh agus d'eilimintí foirgneamh[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) I ngeall ar shainiúlachtaí stoc foirgneamh aonfhoirmeach na hÍoslainne, ar stoc é atá sách nua, comhaontaítear ar dhíolúine shealadach choinníollach ó Threoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur i bhfeidhm, de bhun Chinneadh Uimh. 135/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE. Tá feidhm ag an díolúine sin maidir le Treoir 2010/31/AE mar a bhí i bhfeidhm roimh an leasú le Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 maidir leis an Íoslainn. Tá an díolúine sin teoranta go docht ó thaobh ama de agus níor cheart feidhm a bheith aici ach go dtí go dtiocfar ar chomhaontú maidir le hionchorprú Threoir 2010/31/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/844 i gComhaontú LEE. Ba cheart a mheas go bhfuiltear tar éis teacht ar chomhaontú a luaithe a dhéanfar Treoir 2010/31/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/844 a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 17 (Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE:

'17a. **32012 R 0244**: Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh trí chreat modheolaíochta

[1] IO L 81, 21.3.2012, lch. 18.

comparáideach a bhunú chun na leibhéil is fearr is féidir ó thaobh costais de a ríomh maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh agus d'eilimintí foirgneamh (IO L 81, 21.3.2012, lch. 18).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán maidir leis an Íoslainn.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 244/2012 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha[*], nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 135/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022[2], cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*[…]*

*Na Rúnaithe*
*Ar Chomhchoiste LEE*
*[…]*

[*] [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]
[2] IO L 246, 22.9.2022, lch. 87.